Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear





# Dul i nGleic leis an Bhulaíocht i Scoileanna




**DOICIMÉAD COMHAIRLIÚCHÁIN**

## Giorrúcháin

| | |
|---|---|
| An tAire | An tUas. John O'Dowd CTR |
| FFTÉ | Fóram Frithbhulaíochta TÉ |
| An Roinn | An Roinn Oideachais |
| BnG | Bord na nGobharnóirí |
| SM | Scéim Bhainistíochta |
| UNCRC | Coinbhinsiún NA ar Chearta an Pháiste |
| SIMS C2K | Student Information Management System - modúl bogearraí in C2k |
| WHO | Eagraíocht Dhomhanda Sláinte |
| BLO | Bord Oideachais agus Leabharlann |
| NCB | Biúró Náisiúnta Páistí |
| ETI | Cigireacht Oideachais agus Oiliúna |
| ROS | An Roinn Oideachais agus Scileanna |

## Clár Ábhar

| | *Lch* |
|---|---|
| Réamhrá | 1 |
| Forbhreathnú | 3 |
| Soláthar Reatha Reachtaíochta | 4 |
| Cleachtas Reatha i Scoileanna | 5 |
| Leibhéil Fhoriomlána Bulaíochta i Scoileanna | 8 |
| Sainmhíniú na Bulaíochta | 10 |
| Polasaithe Frithbhulaíochta Scoile | 10 |
| Athbhreithniú Gearán | 12 |
| Monatóiriú agus Taifeadadh Teagmhas | 13 |
| Athruithe Molta Reachtaíochta - Sainmhíniú na Bulaíochta | 15 |
| Athruithe Molta Reachtaíochta - Teagmhais Bulaíochta a Thaifeadadh | 17 |
| Athruithe Reachtaíochta Molta - Ceapadh Gobharnóir amháin nó níos mó | 19 |
| Scóip na Reachtaíochta Molta | 19 |
| Bhur gCuid Tuairimí | 20 |
| Ceisteanna Alt 75 | 22 |

Amscála .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. 22

Iarscríbhinn A - Ball-Eagraíochtaí FFTÉ .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. 23

Iarscríbhinn B - Achoimre ar Thorthaí agus Moltaí FFTÉ . .. .. .. .. .. .. 24

Iarscríbhinn C - Freagairtí Frithbhulaíochta i ndlínsí eile .. .. .. .. .. .. 25

Iarscríbhinn D - Catagóirí Alt 75 .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. .. 27

## Réamhrá

1. Is fadhb chasta, ilghnéitheach í an bhulaíocht ar féidir teacht uirthi ar dhóigh amháin nó ar dhóigh eile i mbeagnach gach scoil ar domhan. Tá d'acmhainn inti, ní hé amháin tionchar diúltach a bheith aici ar oideachas páistí a ndéantar bulaíocht orthu ach bheith mar chúis le dochar tromchúiseach meabhrach agus mothúchánach a d'fhéadfadh na híospartaigh a thabhairt leo chomh fada le saol an duine fhásta. Níor chóir go gcaithfeadh páiste ar bith bheith beo leis seo. Tá an bhulaíocht, in aon cheann den iliomad dóigheanna a ndéantar í, doghlactha i gcónaí agus caithfear a dúshlán a chur cibé áit a dtagann sí aníos.

2. Ar an 23ú Meitheamh 2014, d'fhógair an tAire Oideachais (**An tAire**) sa Tionól go bhfuil beartaithe aige reachtaíocht úr a thabhairt chun cinn, laistigh dá bhfuil fágtha de mhandáid an Tionóil, le dul i ngleic le fadhb na bulaíochta inár scoileanna.

3. Tugadh an tiomantas seo ar bhonn fianaise taighde le cois athbhreithniú ar bheartais agus cleachtais reatha frithbhulaíochta ag Fóram Frithbhulaíochta Thuaisceart Éireann (FFTÉ), grúpa a thugann le chéile 25 eagras reachtúil agus neamhreachtúil a théann i ngleic leis an bhulaíocht. Tá mionsonraí bhalleagraíochtaí FFTÉ in **Iarscríbhinn A**. Tá leagtha amach in **Iarscríbhinn B** príomhthorthaí agus príomh-mholtaí FFTÉ.

4. Ba é an tátal a bhí ina athbhreithniú, d'ainneoin cuid mhór obair mhaith a bheith ar siúl i scoileanna agus cur amach ag scoileanna ar a gcuid freagrachtaí le dul i ngleic leis an bhulaíocht agus tacú le daltaí a ndéantar bulaíocht orthu, go bhfuil éagsúlacht mhór idir cáilíocht polasaithe agus gnáthaimh frithbhulaíochta scoileanna, an leanúnachas trína gcuirtear i bhfeidhm iad dá bharr, an tseiftiúlacht lena gcuirtear i bhfeidhm iad agus an méid athbhreithniú agus uasdátú rialta a dhéantar orthu.

5. Léiríodh fosta in Athbhreithniú FFTÉ easnamh taifeadadh aonfhoirmeach teagmhais bulaíochta, na fachtóirí a spreagann iad agus na bearta maolúcháin a dhéantar agus, dá bharr seo, go raibh scoileanna á bhfágáil féin gan meicníocht le méid na faidhbe a chainníochtú go beacht; na fachtóirí spreagtha is forleithne a

shainaithint agus díriú orthu; rath a ngnáthaimh agus idirghabhálacha le tabhairt faoi theagmhais aonair a mhonatóiriú.

6. Is srian inti féin í an easpa eolais seo ar chumas scoile a gcleachtais féin a athbhreithniú, laigí nó foirmeacha sainiúla bulaíochta a bhféadfadh fadhb ar leith a bheith ag baint leo a shainaithint agus a mheas cé acu atá a gcórais chun plé le teagmhais bulaíochta éifeachtach nó an gá iad a athbhreithniú agus a fheabhsú ar bonn an dea-chleachtais is déanaí sa réimse seo.

7. Dá mbeadh an t-eolas céanna seo ar fáil ag an Rialtas láir, chuirfeadh sé ar chumas na Roinne Oideachais (**An Roinn**) méid foriomlán na bulaíochta inár scoileanna, agus mar atá sí ag athrú, a mhonatóiriú agus cinntí polasaithe agus acmhainní a dhéanamh a mbeadh bonn eolais fúthu i leith tosaíochtaí sa réimse seo feasta.

8. D’ainneoin freagrachtaí sainmhínithe dlí a bheith ag scoileanna cheana maidir leis an bhulaíocht, tá cás láidir déanta ag an Fhóram, ar ghlac an tAire leis, gurb é an t-aon dóigh amháin le hiomlán leanúnachais cur chuige a sholáthar le dul i bhfeidhm mar is ceart ar an fhadhb seo, ná ráiteas níos soiléire reachtúil de na freagrachtaí seo agus dualgas dleathach breise le gach teagmhas bulaíochta a mhonatóiriú agus a thuairisciú.

9. Cuirtear chun cinn sa doiciméad seo, tiomantais an Aire ar an cheist seo agus leagtar amach ann moltaí na Roinne chun:

- Sainmhíniú comónta a thabhairt ar an bhulaíocht;
- Ceanglas a thabhairt isteach do gach scoil dheontaschúnta gearáin faoin bhulaíocht, fachtóirí spreagtha taobh thiar den bhulaíocht agus na bearta a rinne an scoil le tabhairt faoi gach gearán a thaifeadadh go lárnach; agus
- Ceanglas a thabhairt isteach do gach Bord Gobharnóirí (**BnG**) ball amháin nó níos mó a shainaithint nó a ainmniú agus freagracht aige/aici as forbairt polasaithe frithbhulaíochta agus as iad a fheidhmiú mar is ceart sa scoil.

10. Tá sé beartaithe go mbainfidh na moltaí seo le líomhaintí bulaíochta idir daltaí amháin. Leanfar de thabhairt faoi líomhaintí bulaíochta ar bhaill foirne agus ar mhúinteoirí ag daltaí faoi pholasaí smachta scoile. Leanfar de thabhairt faoi líomhaintí bulaíochta ar dhaltaí ag baill foirne agus nó ag múinteoirí faoi na cóid infheidhme iompair agus faoi ghnáthaimh inmheánacha smachta.

11. Beidh gá le hachtú reachtaíocht phríomha ag Tionól Thuaisceart Éireann i leith an pholasaí seo.

12. I leabhrán atá ceangailte leis an doiciméad comhairliúcháin seo (**An Leabhrán Comhairliúcháin**) tá liosta ceisteanna a bhaineann leis na moltaí atá sa doiciméad seo. Iarrtar ar na léitheoirí a bhfreagraí a chomhlánú, más mian leo, ar an leabhrán comhairliúcháin agus a sheoladh ar ais chuig an Roinn ar líne, de r-phost nó ag an seoladh poist atá ag paragraf 84 den doiciméad seo.

## Forbhreathnú

13. Is fadhb chasta í an bhulaíocht. Athraíonn agus éabhlóidíonn iompraíocht bhulaíochta le himeacht ama agus tagtar ar dhóigheanna nua le dul ina ceann. Tá sé seo?? le sonrú in úsáid mhéadaithe na teicneolaíochta amhail fóin phóca, ríomhairí, táibléid agus suíomhanna meáin shóisialta, a chuireann le castacht, caolchúis agus baol ceilte na faidhbe. Ní chiallaíonn sé seo nár chóir a mheas go bhfuil an bhulaíocht dosheachanta nó inghlactha mar chuid de shaol na scoile do dhalta ar bith.

14. Féadann an bhulaíocht tionchar diúltach a bheith aici ar shláinte fhisiciúil agus mheabhrach an té a ndéantar bulaíochta air/uirthi, an té a gcuirtear líomhaintí bulaíochta ina leith agus ar leas oideachasúil ba chóir do gach dalta a bhaint as a saol scoile.

15. Tá taighde mionsonraithe tréimhseach coimisiúnaithe ag an Roinn ar na leibhéil agus ar na spreagthaigh bulaíochta inár scoileanna. Díríodh an fócas ar bhliain 6 agus bliain 9 sa suirbhé is déanaí, a rinneadh in 2011, agus léiríodh go raibh eispéireas bulaíochta ag 39% de dhaltaí bhliain 6 agus ag 29% de dhaltaí bhliain 9 laistigh den dá

mhí ón dáta a rinneadh an suirbhé. D'ainneoin feasacht mhéadaithe ar an fhadhb, tá na rátaí foriomlána bulaíochta seo a bheag nó a mhór gan athrú le taobh thorthaí suirbhéanna 2007 agus 2002.

## Soláthar Reatha Reachtaíochta

16. D'ainneoin go dtuigtear go forleathan coincheap na bulaíochta, níl sainmhíniú comónta ar bhulaíocht faoi láthair i reachtanna thuaisceart na hÉireann.

17. Faoi Airteagal 3(1) den Ordú Oideachais (TÉ) 1998, tá BnG gach scoile deontaschúnta freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann scoileanna polasaithe dea-iompair agus smachta dá gcuid daltaí. Caithfidh BnG a bpolasaí smachta a fhorbairt agus a athbhreithniú i gcomhairle leis an phríomhoide, daltaí cláraithe agus tuismitheoirí dhaltaí cláraithe na scoile. Cuireann sé seo d'iallach dleathach ar BnG folláine daltaí cláraithe a chosaint agus a chur chun cinn agus iad ar áitribh na scoile nó faoi riail nó stiúir dhleathach bhall foirne de chuid na scoile.

18. In Airteagal 19(3) den Ordú Oideachais (TÉ) 2003, cuirtear iallach sainiúil le go cuimseofaí bearta sa pholasaí le cosc a chur ar gach cineál bulaíochta i measc daltaí. Caithfear cóip den pholasaí seo a chur ar fáil do dhaltaí agus do thuismitheoirí. Caithfidh BnG dul i gcomhairle fosta le daltaí cláraithe agus lena dtuismitheoirí roimh leasuithe ar bith a dhéanamh ar pholasaí smachta na scoile ach, mar sin féin, níl an reachtaíocht reatha saintreorach maidir le mionsonraí polasaí smachta nó frithbhulaíochta agus is faoi gach scoil atá sé an polasaí agus na gnáthaimh is fearr a fhóireann dóibh féin a shocrú.

19. Ní chuireann an reachtaíocht reatha d'iallach ar scoil polasaí ar leith a bheith aici le tabhairt faoi cheisteanna a bhaineann le bulaíocht seachas a polasaí smachta. Chinn cuid mhór scoileanna ar dhá pholasaí ar leith a bheith acu agus meastar gurb é seo an cleachtas is fearr.

20. Le cois na saoirse seo lena bpolasaithe smachta agus frithbhulaíochta féin a shocrú, trí Chuid II den Ordú Oideachais (TÉ) 1998, tugtar

discréid leathan do phríomhoidí bearta a shocrú le hiompar daltaí a rialú ar bonn laethúil ar aon dul le Scéim Bhainistíochta (**SB**) fhoriomlán na scoile.

21. Faoi Airteagal 9A den Ordú Oideachais agus Leabharlann (TÉ) 1986, caithfidh gach scoil dheontaschúnta SB a bheith acu a fhorálann ballraíocht agus gnáthaimh BnG, bainistíocht na scoile agus na feidhmeanna a bhíonn le cur i gcrích ag na Gobharnóirí, an Príomhoide agus daoine nó forais eile a shainaithnítear sa SB. Is í an Roinn a fhaomhann SB gach scoile.

22. Mar fhoras corparáideach, tá BnG freagrach ar bhonn dleathach as gach cinneadh agus beart a dhéanann Gobharnóir agus Príomhoide faoina ainm nó na cistí dá dtugtar feidhmeanna tarmligthe. Caithfidh sé bheith réidh lena chinntí a mhíniú do na baill foirne, daltaí agus tuismitheoirí dá bhfuil sé cuntasach.

23. Faoi Airteagal 19 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Pháiste (**UNCRC**), tá d'iallach ar na Stáit sínithe 'gach beart reachtúil, riaracháin, sóisialta agus oideachasúil a dhéanamh leis an pháiste a chosaint ar gach cineál foréigean fisiciúil nó meabhrach, gortú nó mí-úsáid, neamart nó cúram neamartach, drochíde nó dúshaothrú, lena n-áirítear mí-úsáid ghnéasach nuair a bhíonn siad faoi chúram tuismitheora/eoirí, caomhnóir(í) dleathach(a) nó duine ar bith eile a bhfuil cúram an pháiste air/uirthi'. Téann an ceanglas seo chomh fada le scoileanna nuair a bhíonn daltaí faoina gcúram agus faoina rialú.

24. Cuirtear leis sin in Airteagal 28 de UNCRC agus maítear go bhfuil ceart ar oideachas ag páistí agus go gcaithfear smacht scoile a riar 'ar dhóigh a chuireann le dínit dhaonna an Pháiste'. Shínigh an RA UNCRC in 1990 agus forfheidhmíodh é sa RA in 1992.

## Cleachtas Reatha i Scoileanna

25. Faoi láthair, leis an reachtaíocht reatha a chomhlíonadh, tá polasaí smachta ag gach scoil ina leagtar amach an dóigh a ndéanfaidh an scoil iarracht cosc a chur ar an bhulaíocht i measc a cuid daltaí.

Téann go leor scoileanna níos faide ná an ceanglas seo agus polasaí bulaíochta ar leith acu ina leagtar amach mar a fhreagraíonn siad do ghearáin a bhaineann le hiompraíocht bhulaíochta, na smachtbhannaí a chuirfeadh siad ar dhaltaí a bheadh i mbun bulaíochta agus mar a thacódh siad le daltaí ar bith a ndéanfaí bulaíocht air/uirthi.

26. D'ainneoin saoirse shuntasach a bheith ag scoileanna maidir le cion na bpolasaithe seo, bíonn a gcleachtais, tríd is tríd, cosúil lena chéile maidir leis an dóigh a láimhseálann siad líomhaintí nó gearáin faoin bhulaíocht. Is ar an Phríomhoide a thiteann sé ar dtús freagra a thabhairt, lena chinntiú go gcomhlíontar mar is ceart polasaí smachta na scoile. Má bhíonn dalta, a dtuismitheoir nó a gcaomhnóir dleathach míshásta, áfach, leis an dóigh ar cuireadh an polasaí i bhfeidhm, nó lena thoradh, tig leo a iarraidh go n-athbhreithneofaí an cheist trí scríobh chuig Cathaoirleach BnG. Is ansin a thiteann sé ar BnG bearta an Phríomhoide sa chás a athbhreithniú agus a shocrú ar comhlíonadh an polasaí smachta mar ba cheart. Is gá caitheamh ar bhonn dáiríre agus plé go mear le gearáin le BnG le gur féidir bearta ar bith eile a mheastar a bheith iomchuí a chur i gcrích, lena n-áirítear conclúidí na nGobharnóirí a chur in iúl don ghearánaí.

27. Nuair a bhíonn an scoil ag breithniú aon ghearáin, bíonn de fhreagracht ar BnG a chinntiú go gcomhlíontar polasaí smachta na scoile mar is ceart. Is comhfhreagracht a bhíonn ar gach Gobharnóir agus nuair a iarrtar orthu gearán bulaíochta a scrúdú, déanfaidh bunús gach BnG amhlaidh trí foghrúpa ad-hoc a ghairm.

28. Ar an dóigh chéanna, is é comhfhreagracht na nGobharnóirí é a chinntiú go bhforbraítear gach polasaí de chuid na scoile, a bpolasaithe smachta agus frithbhulaíochta san áireamh, de réir na gceanglas dleathach uile, agus na hailt UNCRC, treoir na Roinne agus ceanglais Scéim Bhainistíochta na scoile tugtha san áireamh. Tá de cheangal ar Ghobharnóirí a chinntiú go bhfreastalaíonn na polasaithe seo ar riachtanais na scoile agus go n-athbhreithnítear iad ó am go chéile lena chinntiú go bhfuil siad fós 'oiriúnach don fheidhm'.

29. Tugtar treoir na Roinne ar pholasaithe éifeachtacha frithbhulaíochta a fhorbairt i bhfoilseachán na Roinne 'Cúram Tréadach i Scoileanna - Iompar Dearfach a Chur chun Cinn (*Pastoral Care in Schools* -

*Promoting Positive Behaviour*)' 2001. Cuireadh leis an doiciméad seo trí fhoilseachán FFTÉ 'Effective Responses to Bullying Behaviour' 2013 ina léirítear an dea-chleachtas reatha sa réimse seo. Cuireann Boird Oideachais agus Leabharlann seirbhís comhairle ar fáil fosta trína dtairgtear treoir ar fhorbairt polasaithe daingne frithbhulaíochta, ar an dóigh le dul i ngleic le saincheisteanna frithbhulaíochta agus ar oiliúint chun na prionsabail agus na próisis a leagtar amach in 'Effective Responses to Bullying Behaviour' a fheidhmiú ar scoil.

30. Faoi láthair, tá éagsúlacht idir scoileanna i dtaca leis an dóigh a dtaifeadtar teagmhais bulaíochta de. Coinníonn cuid acu clár lárnach cóip chrua ach taifeadann cuid eile teagmhais go leictreonach ar bhunachar sonraí inmheánach. Bacainn an toradh atá air seo ar mhonatóiriú nádúr, minicíocht agus treochtaí atá ag teacht chun cinn sa bhulaíocht i scoileanna, sa chead dul síos, agus ag leibhéal níos airde ag na BOLanna agus ag an Roinn.

31. D'ainneoin gur cuidiú é cur i gcomparáid le bulaíocht i dtíortha eile, tá teorainn leis an chomparáid mar gheall ar dhifríochtaí sochaí, polaitíochta, eacnamaíochta agus cultúrtha idir tíortha chomh maith leis na haoisghrúpaí a ndéantar suirbhé orthu agus na ceisteanna sonracha a chuirtear ar rannphháirtithe sa suirbhé.

32. Tá teacht ag gach scoil dheontaschúnta i dtuaisceart na hÉireann ar Sheirbhísí TF Classroom 2000. Áirítear leis na seirbhísí seo Córas Bainistíocht Eolais Scoileanna (**C2K SIMS**). In 2008, mhaoinigh an Roinn tionscadal píolótach le measúnacht a dhéanamh ar a úsáidí atá Modúl Bainistíocht Iompair SIMS maidir le teagmhais bulaíochta a thaifeadadh. San iomlán, bhí 16 scoil páirteach sa tionscadal píolótach.


33. Nuair a bhí an tionscadal píolótach thart, léirigh scoileanna na tuairimí seo:

- Modh áisiúil taifeadadh teagmhais bulaíochta é Modúl Bainistíocht Iompair SIMS trínar féidir cur chuige scoile i leith na bulaíochta a monatóiriú agus a athbhreithniú go héifeachtach;

- Ba chuidiú é dá n-úsáidfeadh gach scoil eile an córas le teagmhais bulaíochta a thaifeadadh;
- Bhí an córas solúbtha agus d'fhéadfaí a chur in oiriúint do riachtanais scoile aonair; agus
- B'éifeachtaí an córas ná na modhanna a d'úsáidtí cheana le teagmhais bulaíochta a thaifeadadh agus idirghabháil níos éifeachtaí agus níos láithrí an toradh a bhí air sin.


## Leibhéil Fhoriomlána Bulaíochta i Scoileanna

34. I dtuairisc a d'fhoilsigh an Roinn i nDeireadh Fómhair 2011 (***The Nature and Extent of Pupil Bullying in the north of Ireland***) maítear gur fhulaing 39% de dhaltaí bhliain 6 agus 29% de dhaltaí bhliain 9 a bhí páirteach sa suirbhé bulaíocht de chineál éigin sa dá mhí roimh dháta an tsuirbhé. Léiríodh fosta sa suirbhé gur fhan leibhéil na bulaíochta inár scoileanna ag leibhéil a bhí i dtuairiscí roimhe seo a foilsíodh in 2002 agus in 2007.




Céatadán de dhaltaí bhliain 6 a bhí sa suirbhé a d'fhulaing bulaíocht sa dá mhí roimhe

Céatadán de dhaltaí bhliain 6 a bhí sa suirbhé nár fhulaing bulaíocht sa dá mhí roimhe




Céatadán de dhaltaí bhliain 9 a bhí sa suirbhé a d’fhulaing bulaíocht sa dá mhí roimhe

Céatadán de dhaltaí bhliain 9 a bhí sa suirbhé nár fhulaing bulaíocht sa dá mhí roimhe

35. Tá na leibhéil bulaíochta seo inchomparáide, den chuid is mó, le leibhéil is dtíortha eile. Ina bhfoilseacháin ‘Staid Pháistí an Náisiúin-Éire 2012’, thuairiscigh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige i ndeisceart na hÉireann gur mhaígh 24.3% de pháistí darb aois 10-17 go ndearnadh bulaíocht orthu ar scoil in 2010 ar a laghad uair amháin le cúpla mí anuas. Ba iad torthaí suirbhé trasnáisiúnta de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte (**WHO**) agus HBSC ‘**Iompraíocht Sláinte ag Páistí Aois Scoile in 2010**’ go raibh difear mór idir na meánteagmhais bulaíochta ar scoil a d’fhulaing páistí darb aois 11, 13 agus 15 ó thír go tír, rud a léirigh na fachtóirí difriúla cultúrtha, eacnamaíochta agus oideachais a bhí i gceist. Bhí an meánráta foriomlán den bhulaíocht thuairiscithe (29.2%), áfach, go díreach inchomparáide leis na torthaí s’againne do dhaltaí Bhliain 9.

36. D’ainneoin go léirítear i dtaighde RO nár íslíodh leibhéal foriomlán na bulaíochta inár scoileanna, creidtear go gceileann teacht chun cinn cineálacha nua bulaíochta, amhail cibearbhulaíocht, a fheabhas a d’éirigh le hiarrachtaí scoileanna, Boird Oideachais agus Leabharlann (**BLO**), an roinn, FFTÉ agus páirtithe leasmhara eile dul i ngleic leis an fhadhb. Mar sin féin, is léir ó na leibhéil arda bulaíochta a fhulaingíonn daltaí abhus go bhfuil tuilleadh oibre le déanamh go fóill.

## Sainmhíniú na Bulaíochta

37. Níl sainmhíniú dleathach aontaithe ar bith ar an bhulaíocht faoi láthair inár reachtaíocht. Ceal sainmhíniú aontaithe ar an bhulaíocht, is féidir mearbhall teacht ar dhaoine faoi cad is bulaíocht ann agus is cuir chuige mhíréireacha idir scoileanna is toradh dó seo.

38. Is ar an ábhar seo gur gné chomónta de reachtaíocht frithbhulaíochta i ndlínsí eile (**féach iarscríbhinn C**) soláthar sainmhíniú dleathach le bonn eolais a chur faoin smaointeoireacht agus lena chinntiú go bhfuil bonn comónta ann trína dtig le scoileanna a bpolasaithe agus a bpróisis a chur in oiriúint.

39. Tá sainmhíniú dleathach ag cuid mhór de thíortha na hEorpa, agus i 49 de 50 stát SAM, agus meastar gur cuidiú é chun comhthuiscint ar an fhadhb a chruthú.

40. I suirbhé a rinne Biúro Náisiúnta Páistí TÉ (**NCB**) i 200 bunscoil agus iar-bhunscoil i mí na Samhna 2013, mhaígh 85% de scoileanna gurbh úsáideach nó an-úsáideach creat dleathach faoi choinne forbairt polasaí frithbhulaíochta i ngach scoil, gan ach 4.5% de scoileanna den tuairim nárbh úsáideach ar chor ar bith ná nárbh an-úsáideach creat dleathach den chineál seo. Sa suirbhé céanna, fuarthas amach gur shíl 82.5% de scoileanna gurbh úsáideach nó an-úsáideach sainmhíniú dleathach ar an bhulaíocht agus nár shíl ach 3% nárbh úsáideach nó nárbh an-úsáideach.

41. Thionóil FFTÉ 10 seimineár go dtí seo ar an treoir reatha reachtaíochta agus polasaí atá ar fáil do scoileanna maidir le bulaíocht agus d'fhreastail 283 ceannasaí scoile orthu. Tá Príomhoidí scoile ar na croípháirtithe leasmhara soláthar seirbhíse i gcás líomhaintí bulaíochta ag daltaí agus ar dhaltaí. Mhothaigh gach príomhoide a bhí páirteach sa phlé go raibh gá le sainmhíniú aontaithe ar an bhulaíocht.

## Polasaithe Frithbhulaíochta Scoile

42. Ina suirbhé in 2013, bhreithnigh an NCB polasaithe frithbhulaíochta 46 scoil agus scrúdaigh na difríochtaí i gcur chuige éagsúil na scoileanna.

Ba é an tátal a baineadh as seo go raibh míréireanna leathana i gcur chuige na scoileanna, mar a léirítear thíos:

a. Thug 36 sainmhíniú soiléir ar an bhulaíocht agus cáilíocht éagsúil i ngach sainmhíniú;

b. Leag 30 amach aidhmeanna a bpolasaí;

c. Rinne 32 nasc idir an fhrithbhulaíocht agus polasaithe eile scoile amhail Cosaint Leanaí;

d. Leag 43 amach, go dtí leibhéil éagsúla, na dóigheanna a dtarlaíonn bulaíocht (m.sh. fisiciúil, labhartha, srl.);

e. Níor thug ach 14 mionsonraí ar an phróiseas comhairliúcháin d'ainneoin gur ceanglas dleathach é.

43. Níor leagadh amach ach in 26 de na 46 polasaí frithbhulaíochta a bhreithnigh NCB, go dtí leibhéil éagsúla, cineálacha sainiúla agus spreagthaigh iompraíocht bhulaíochta. Luaigh 21 de na 26 polasaí seo bulaíocht ar bhonn cine; níor thagair ach níos lú ná a leath (11) don bulaíocht homafóbach; shainaithin corradh agus trian an bhulaíocht ar bhonn leithcheal míchumais; agus luaigh níos lú ná ceathrú (6) bulaíocht ar bhonn seicteachais; agus níor thagair aon pholasaí don bhulaíocht thrasfóbach.

44. Thug NCB faoi deara éagsúlachtaí suntasacha sa chleachtas. D'ainneoin gur mhionsonraigh 27 de na scoileanna an mhonatóireacht polasaí agus na próisis athbhreithniúcháin a bhíonn le comhlíonadh, níor mhínigh ach 14 an comhairliúchán le dalta agus le tuismitheoir a dhéanfadh siad chuige sin. Pléadh freagrachtaí tuismitheoirí agus daltaí i dtuairim ar dhá thrian de na polasaithe. Ní raibh tagairt, áfach, ach i níos lú ná ceathrú díobh don oiliúint a chuirfí ar fáil d'fhoireann tacaíochta agus do ghobharnóirí le freagairt don bhulaíocht.

45. Tá tuilleadh oibre déanta sa réimse seo ag an Dr. Noel Purdy, Ceann Léann an Oideachais, Coláiste an tSrutháin Mhilis agus cé nár forbraíodh é seo fós ina shaothar foirmiúil taighde, tá breis agus 140

polasaí reatha frithbhulaíochta bailithe ag an Dr. Purdy ó scoileanna agus deimhnítear ina anailís tosaigh bailíocht thorthaí NCB, mar atá;

- difríochtaí móra i bhfad agus i leibhéal na mionsonraí i bpolasaithe frithbhulaíochta;
- soiléire theoranta faoi cá huair a athbhreithneofar polasaí agus mar a chuirfeadh foireann scoile, tuismitheoirí agus daltaí le haon athbhreithniú; agus
- soiléire theoranta faoin dóigh a ndéanfar monatóireacht ar thionchar iarrachtaí frithbhulaíochta scoile agus mar a athbhreithneofar iad le bonn eolais agus tacaíochta a chur faoi fheabhsúcháin cleachtais.

46. I dtaighde mionsonraithe sa réimse seo i scoileanna i Sasana ag Peter K. Smith, Alison Kupferberg, Joaquin A Mora-Merchan, Muthanna Samara, Sue Bosley agus Rob Osborn, A *content analysis of school anti-bullying policies: a follow-up after six years, Educational Psychology in Practice: theory, research and practice in educational psychology, 2012,* scrúdaíodh polasaithe frithbhulaíochta 217 scoil agus ba é an tátal a baineadh as gurb é an toradh a bhí ar chur chuige 'solúbtha', cosúil leis an chur chuige abhus, éagsúlachtaí forleathana, mar atá abhus, i gcáilíocht agus i leithead na bpolasaithe atá sna scoileanna. Ba é conclúid Smith go raibh sé seo, mar a dúirt sé féin '*sub-optimal*' agus thug dá aire "*Braitear gurb é atá i bpolasaí frithbhulaíochta na scoile, creat le tiomantas na scoile don obair frithbhulaíochta a fhógairt, a bhfreagairt a eagrú (straitéisí idir onnghníomhach agus éighníomhach san áireamh) agus é seo a chur in iúl do gach páirtí leasmhar sa phobal scoile*." Ba é conclúid Smith "*gur inmhianaithe teacht ar bhealach láir nach bhfuil róchéimlathach ach a thugann níos mó tacaíochta agus treorach sa réimse seo ná mar a tharlaíonn, is cosúil, faoi láthair."*

## Athbhreithniú Gearán

47. Gach bliain, faigheann an Roinn méid suntasach comhfhreagras cásanna ó thuismitheoirí ag gearán faoin bhulaíocht a d'fhulaing a bpáiste ar scoil. Is cásanna ar leith ar fad iad seo i dtaca le himthosca de agus léirítear leo roinnt tuismitheoirí féinroghnacha atá, d'ainneoin

idirghabháil na scoile, míshásta go fóill leis an dóigh ar láimhseáladh a n-údair imní. Is féidir, áfach, cuid mhór comhfhachtóirí a aithint sna gearáin seo, mar atá:

a. Bhí tuismitheoir(í) i dteagmháil leis an Phríomhoide agus leis an fhoireann ar scoil ach nár thángthas ar réiteach sásúil ar a ngearán;

b. Is minic litir scríofa cheana féin ag na tuismitheoirí chuig Cathaoirleach Bhord na nGobharnóirí agus meastar nach ndearna na Gobharnóirí ach cinntí agus bearta na Phríomhoide a fhaomhadh, gan athbhreithniú ceart a dhéanamh ar fhíorais an cháis; agus

c. Ceal meicníocht dhaingean athbhreithniúcháin, creideann na tuismitheoirí gur chóir go mbeadh sé de fhreagracht ar na BLOnna agus/nó an Aire teacht isteach agus a bheith gníomhach i réiteach na ceiste.

48. Faoin reachtaíocht reatha, níl aon sainchúram dleathach ag an Roinn ná ag BLOnna leis na cásanna seo a fhiosrú ná níl údarás ar bith acu bearta scoile a chur ar neamhní ach amháin más féidir a léiriú gur ghníomhaigh an Príomhoide nó na Gobharnóirí, nó go bhfuil beartaithe acu gníomhú, go míréasúnta maidir le feidhmiú aon chumhacht atá acu nó feidhmiú aon dualgas a fhorchuirtear nó faoi fhoráil ar bith de chuid na nOrduithe Oideachais (Airteagal 101 den Ordú Oideachais agus Leabharlann (TÉ) 1986).

49. Glactar leis nach bhfuil sna cásanna comhfhreagrais a fhaigheann an Roinn ach dornán beag d’iomlán bliantúil na dteagmhas bulaíochta a gcaithfear scoileanna freagairt dóibh agus go réitítear formhór mór maith na gcásanna sin ar bhealach atá sásúil ag gach páirtí bainteach, ach ba chuidiú é dá bhféadfaí tuilleadh neamhspleáchais a thabhairt isteach i bpróisis reatha athbhreithniúcháin scoileanna.

## Monatóireacht agus Taifeadadh Teagmhas

50. Tá an dea-chleachtas idirnáisiúnta i réimse leathan de thíortha, Éire, na Stáit Aontaithe, Ceanada agus na hOileáin Fhilipíneacha san

áireamh, i ndiaidh bogadh i dtreo taifeadadh agus monatóireacht éigeantach teagmhais bulaíochta.

51. B’iontach an cuidiú é na sonraí reatha a bhailigh an Roinn ina n-áireamh 2011, 2007 agus 2002 chun, ní hé amháin, leibhéil na bulaíochta ar dhaltaí bhliain 6 agus 9 ar scoil a léiriú, ach na cineálacha bulaíochta, an rud a spreag iad agus an sásamh le freagairt na scoile. Tá na sonraí seo teoranta sa mhéid gur do dhaltaí bhliain 6 agus 9 amháin a thagraíonn siad agus gan i gceist ach an dá mhí roimh dháta comhlánaithe an cheistneora ag na daltaí a bhí páirteach.

52. Chuirfeadh taifeadadh éigeantach faoi mar atá molta sa doiciméad seo ar chumas daoine anailís chomh mionsonraithe sin a dhéanamh, ní hé amháin i ngach uile scoilbhliain, ach i ngach uile scoil. Lena chois sin, cuirfear athbhreithniú agus anailís chuimsitheach bhliantúil ar fáil ar leibhéil na bulaíochta i scoileanna, sainaithneofar treochtaí a bheas ag teacht chun cinn agus riarfar ar fhorbairt polasaí bunaithe ar fhianaise le díriú ar an bhulaíocht agus an dea-chleachtas a athscagadh agus a leasú.

53. Is é tuairim bhunús bhaill FFTÉ, a léirítear ina n-athbhreithniú 2013 ar pholasaithe, gnáthaimh agus meicníochtaí tacaíochta frithbhulaíochta, gur cuidiúil an ceanglas é tuairisciú éigeantach le tabhairt isteach inár scoileanna. Chreid baill FFTÉ go dtacódh a leithéid le scoileanna go díreach. Spreagann meicníocht tuairiscithe uaithi féin fócas níos mó ar an leanúnachas ina gcloítear le polasaithe agus gnáthaimh, ina ngearrtar smachtbhannaí (nuair is gá), mar a fhaigheann íospartaigh tacaíocht agus mar a láimhseáiltear teagmhais.

54. Moladh in athbhreithniú FFTÉ gur chóir go gcuimseofaí i meicníocht ar bith monatóireachta agus taifeadta mionsonraí ar an mhodh agus ar an spreagthach a bheadh i gceist, breac-chuntas ar an teagmhas, tuairisc ar an tacaíocht a thairgtear don pháiste a d’fhulaing an bhulaíocht agus don pháiste atá ag léiriú iompraíocht bhulaíochta agus taifead leanúnach tacaíochta agus idirghabhálacha, lena n-áirítear nótaí ar éifeachtúlacht na hidirghabhála. Aithnítear go mbíonn íogaireachtaí do scoileanna maidir leis an eolas seo a thaifeadadh agus a roinnt ach moltar gur chóir go mbeadh sonraí den sórt seo ar fáil ionas go dtig leis an Chigireacht Oideachais agus

Oiliúna (ETI) cigireacht a dhéanamh orthu agus bheith ar fáil ag an Roinn le tacú leis an ghá atá acu le treoir a nuashonrú agus dea-chleachtas a chur chun cinn i ngach scoil.

## Athruithe Molta Reachtaíochta - Sainmhíniú na Bulaíochta

55. Caithfidh sainmhíniú ar bith ar bhulaíocht a bheith sothuigthe ag gach croípháirtí leasmhar. Is é aidhm an pholasaí mholta, trí shainmhíniú comónta ar an bhulaíocht a shocrú, leanúnachas níos fearr a chinntiú i bhfeidhmiú polasaithe smachta scoileanna chun tabhairt faoi ghearáin faoi bhulaíocht i ngach scoil i dtuaisceart na hÉireann. Moltar go n-úsáidtear téarmaíocht leathan, chuimsitheach i sainmhíniú na bulaíochta agus go gcuirfear leis seo trí threoir na Roinne do scoileanna maidir lena ciall agus a cur i bhfeidhm.

56. Tá nádúr athleantach ag baint leis an bhulaíocht agus tá i gceist léi úsáid d'aon turas gníomhartha fisiciúla, labhartha, síceolaíocha nó eile agus gortú, dochar, ciapadh nó eagla a bheith mar thoradh uirthi. Áirítear léi bearta arb aidhm dóibh daltaí a eisiamh d'aon turas agus d'fhéadfadh sé go n-áireofaí léi cásanna inarbh eol do na daltaí a bheadh i mbun bulaíochta, ar bhonn réasúnta, gurbh é seo an toradh a bheadh ar a n-iompar.

57. Ní féidir cur síos ar theagmhais aonair d'iompraíocht throdach mar bhulaíocht, cé gur féidir dá n-athdhéanfaí iad. Aithnítear go bhféadfadh tionchar tromchúiseach a bheith ar an duine a fhulaingíonn í ag iompraíocht den chineál seo agus moltar go leanfadh scoileanna de phlé léi mar sháruithe pholasaí smachta na scoile.

58. Mar sin de, is é an sainmhíniú ar an bhulaíocht atáthar a mholadh:

***"Is é is bulaíocht ann úsáid leantach d'aon turas gníomhartha nó neamhghníomhartha fisiciúla, labhartha, leictreonacha, scríofa nó síceolaíocha, nó teaglaim díobh, ag dalta amháin nó níos mó in éadan dalta aonair nó grúpa daltaí agus beartaithe aige/aici/acu gurb é an toradh: gortú, dochar, eagla, ciapadh, nó drochthionchar a bheith acu ar chearta nó ar riachtanais an dalta sin nó an ghrúpa daltaí sin".***

59. Is é cuspóir na foclaíochta seo go mbeadh a oiread solúbthachta ann gur féidir treoir thacaíochta a athbhreithniú go gasta, bunaithe ar shonraí a bhaileofaí ó scoileanna agus mar fhreagairt d'athruithe sa dea-chleachtas a bhfuil glacadh leis. Cuirfidh sé seo ar chumas daoine fosta cineálacha bulaíochta atá ag teacht chun cinn a aithint go gasta agus dul i ngleic leo.

60. Aithnítear gur minic gur claontacht nó leatrom ar bhonn difear fíor nó braite an príomhspreagthach atá le hiompraíocht bhulaíochta. Leagtar amach in Alt 75 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998 na cineálacha coitianta de seo a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Táthar ag dúil go gcuimseofar iad seo i sceideal tacaíochta don reachtaíocht mholta chun treoir nach bhfuil uileghabhálach a sholáthar le cuidiú le scoileanna agus iad ag aithint agus ag taifeadadh. Tá liosta de ghrúpaí Alt 75 in Iarscríbhinn D den doiciméad seo.

61. Dá mbeadh cur chuige níos saintreoraí i gceist, ina bhféachfaí le gach cineál bulaíochta a shainiú taobh istigh d'fhoclaíocht na reachtaíochta féin, chuirfí lena castacht agus bheadh an reachtaíocht le leasú gach uair a d'aithneofaí gné nua den bhulaíocht agus laghdófaí a héifeachtacht fhoriomlán dá bharr.

62. Is é atá beartaithe go léireofar sa treoir bhreise a thabharfar do scoileanna ón Roinn an croí-ábhar atá le cuimsiú i bpolasaí frithbhulaíochta gach scoile. Tabharfar aghaidh, mar sin de, ar easnaimh agus ar neamhréireanna a léiríodh i dtorthaí NCB agus cuirfear an leanúnachas chun cinn i dtéarmaí ábhair agus cur chuige araon.

63. Aithnítear go mbeidh tionchar tairbheach ag sainmhíniú comónta ar an bhulaíocht ag brath ar léirthuiscint shuibiachtúil ag scoileanna agus ag BnG agus a thoilteanaí a bheas siad an treoir a thabharfaidh an Roinn a chur i bhfeidhm. Aithnítear fosta gur gá do scoileanna tacú le sainmhíniú comónta ar an bhulaíocht agus iad i mbun cur chuige coisctheach, le cois cur chuige frithghníomhach i leith na bulaíochta. Beidh tionchar deiridh sainmhíniú den sórt ag brath ar theagmhais bulaíochta a bheith á dtuairisciú leis an scoil an chéad uair agus na bearta a dhéanann an scoil leis an teagmhas a aithint mar bhulaíocht agus, ina dhiaidh sin, na bearta a dhéanfar le dul i ngleic leis an

bhulaíocht agus an iompraíocht bhulaíochta a réiteach. Leanfaidh feidhmíocht na scoile maidir leis seo de bheith ina cuid de phróiseas cigireachta ETI.

## Athruithe Molta Reachtaíochta - Teagmhais Bulaíochta a Thaifeadadh

64. Faoi láthair, tugtar staitisticí bliantúla don Roinn maidir le líon iomlán na bhfionraíochtaí agus na ndíbirtí a tharlaíonn de thoradh iompraíocht bhulaíochta. Níl aon eolas eile ar spreagthach agus toradh gearáin faoin bhulaíocht á choinneáil nó inrochtana taobh amuigh den scoil.

65. Moltar go gcuirfeadh an reachtaíocht d'iallach ar scoileanna mionsonraí faoi theagmhais líomhnaithe bulaíochta a thaifeadadh, a choinneáil agus a chur faoi bhráid na BLOnna cibé dóigh a dtreoródh an Roinn. Ansin, tabharfaidh BLOnna mionsonraí don Roinn a bhreithníonn agus a fhoilsíonn staitisticí ar bhonn leanúnach.

66. Is cuidiú é go mbíonn d'iallach ar scoileanna teagmhais bulaíochta, a spreagthaigh agus a dtorthaí a thaifeadadh go lárnach le monatóireacht agus anailís a dhéanamh ar mhinicíocht agus nádúr na bulaíochta ar scoil, leis an dóigh ar láimhseáladh teagmhais agus gearáin agus le measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí a bhí a mbearta leis an chás a réiteach. Ar an dóigh oibiachtúil, bhunaithe ar fhianaise seo, tig le scoileanna a gcleachtas féin a athscagadh agus a fheabhsú, a shainaithint an bhfuil cineálacha áirithe bulaíochta ag éirí níos forleithne agus, más gá, saintacaíocht a iarraidh.

67. Níl sé beartaithe go mbainfeadh taifeadadh teagmhais bulaíochta den tsaoirse oibríochtúil atá ag Príomhoidí agus Gobharnóirí faoi láthair leis an dea-iompar agus dea-smacht a chur chun cinn sa scoil. D'fhéadfadh réimse leathan a bheith i gceist, ó chás go chéile, maidir le spreagthach na hiompraíochta bulaíochta, an cineál bulaíochta atá ann agus tionchar na bulaíochta ar an té a d'fhulaing. Glactar leis, mar sin de, go gcaithfidh an réimse roghanna a bhíonn ar fáil do gach scoil le dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta a bheith chomh leathan agus chomh solúbtha céanna.

68. Aithnítear gur ceist íogair í roinnt na staitisticí a bhaineann le teagmhais bulaíochta i scoileanna agus gur chóir plé léi leis an aird iomchuí ar rúndacht na ndaltaí aonair bainteacha a chosaint agus ar cheanglais níos leithne an Achta um Chosaint Sonraí 1998

69. Is fiú a threisiú gur spéis leis an Roinn na sonraí seo ar mhaithe leis an léargas a thabharfaidh siad ar mhéid agus ar nádúr foriomlán na bulaíochta laistigh dár gcóras oideachais. D'ainneoin go mbeadh suim ag a foireann cúram tréadach i mionsonraí cásanna aonair, is ar an Phríomhoide, Boird Gobharnóirí, BLOnna agus ar an Roinn atá an sainchúram dlí bheith páirteach i gcásanna aonair agus ní bheidh aon athrú air seo fos.

70. D'ainneoin gur iomaí dóigh a bhféadfadh scoileanna na sonraí molta a thaifeadadh agus a chur ar fáil don Roinn, táthar ag moladh, ar mhaithe le comhleanúnachas agus éascaíocht bailithe sonraí, gur chóir córas TF C2k atá ar fáil cheana féin i ngach scoil dheontaschúnta a úsáid. D'fhéadfaí leagan mionathraithe den chóras phíolótach a chur ar fáil do scoileanna, rud a chinnteodh an leibhéal inmhianaithe leanúnachais i dtaifeadadh sonraí agus go mbeadh na sonraí inrochtana do BLOnna/an Roinn gan ualach riaracháin breise a chur ar scoileanna.

71. Aithnítear go bhféadfadh ualach méadaithe oibre a bheith ar scoileanna ar dtús dá dtaifeadfaí gach líomhain ar bhulaíocht de réir mar a chuireann siad eolas ar an chóras bogearraí. Aithnítear fosta go mbraithfidh taifeadadh ar bith ar scoil teagmhas a aithint mar bhulaíocht agus a thoilteanaí a bheas sí an próiseas taifeadta a chomhlánú go hiomlán.

72. Féachfaidh an Roinn le tabhairt faoin chéad phointe acu seo tríd an sainmhíniú ar bhulaíocht atá sa reachtaíocht agus tríd an treoir thacaíochta do scoileanna. Cé go n-aithníonn an Roinn go mb'fhéidir go mbeadh leisce ar roinnt scoileanna líon suntasach teagmhais bulaíochta a thaifeadadh, ba mhian leis an Roinn aird scoileanna a dhíriú ar mhinicíocht mhéadaitheach na dlíthíochta faoi líomhaintí bulaíochta. Léiríonn sé seo go bhfuil gá shoiléir láithreach do scoileanna eolas a thaifeadadh ar gach líomhain bhulaíochta lena léiriú, más gá, gur ghníomhaigh an scoil go réasúnta agus go pras.

## Athruithe Reachtaíochta Molta - Ceapadh Gobharnóir amháin nó níos mó

73. Moltar, maidir leis an reachtaíocht, gur gá do BnG Gobharnóir amháin nó níos mó a ainmniú le bheith freagrach as polasaithe agus próisis frithbhulaíochta laistigh dá scoil. Meastar cheana gur den dea-chleachtas BnG fochoiste seasta nó coiste ad-hoc a thionól le haon ghearán faoi bhulaíocht a fhaigheann siad a athbhreithniú. Ní ceanglas dlíthiúil, áfach, é seo i láthair na huaire.

74. Is iad na buntáistí a bhainfeadh le cur chuige mar seo a iarraidh go gcinnteofaí go gcruthófaí acmhainn eolais agus taithí i ngach BnG. Bheadh an/na Gobharnóir(í) céanna freagrach as polasaithe smachta agus frithbhulaíochta na scoile a fhorbairt agus a athbhreithniú. Mar gheall ar a dtaithí agus a dtuiscint ar cheanglais dhlíthiúla, polasaithe agus cleachtais scoile, chinnteofaí go ndéanfaí bearta leanúnacha i ngach cás: agus i dtaca le measúnú de, mar fhreagairt do ghearán, má bhí bearta na scoile mar is cuí agus ar aon dul lena polasaithe comhaontaithe.

75. Is fiú a shoiléiriú gur ar BnG ina iomláine fós a bheadh an fhreagracht as bearta na scoile chun freagairt do theagmhas nó líomhain bhulaíochta. Ní bheadh dliteanas pearsanta ar Ghobharnóir a bheadh i mbun an róil seo agus a ghníomhaigh de mheon macánta i bhfeidhmiú fhreagrachtaí agus dhualgais tharmligthe an Bhoird.

76. Sa chás ina mbunóidh BnG coiste chuige seo, caithfidh sé feidhmiú de réir Scéim Bhainistíochta na Scoile.

## Scóip na Reachtaíochta Molta

77. Moltar go gcuimseofar i scóip na reachtaíochta gach dalta maidir lena n-iompar agus idirghníomhú le daltaí eile;

- ar áitreabh scoile;
- ag taisteal ar scoil agus uaithi;

- agus iad faoi riail chúram nó údarás dlíthiúil bhall d'fhoireann na scoile; agus/nó
- agus iad ag úsáid threalamh na scoile.

78. Moltar, i gcásanna áirithe, má bhíonn bulaíocht agus sárú smachta scoile i gceist, gur féidir an dá pholasaí a fheidhmiú le tabhairt faoi gach gné den iompar – m.sh. bulaíocht bhéil ar dhalta ag dalta agus mí-úsáid bhéil ar mhúinteoir ag an dalta céanna. I gcúinsí mar seo, d'fhéadfaí dalta a smachtú as an bheart bulaíochta agus as an sárú polasaí smachta, ach go gcaithfidh an scoil, chun é seo a dhéanamh, iomláine aon bheart molta a thabhairt san áireamh agus a chinntiú nach smachtófar an dalta níos mó ná uair amháin as an teagmhas céanna.

79. Aithníonn an Roinn go bhfuil méadú rábach tagtha ar an chineál bulaíochta ar a dtugtar cibearbhulaíocht. Táthar ag dúil go gcumhdófar sa reachtaíocht, trí úsáid sainmhíniú cuimsitheach uileghabhálach gach cineál cibearbhulaíochta idir daltaí a tharlaíonn sna cásanna atá leagtha amach ag paragraf 77 thuas. Taobh amuigh de na cásanna seo, tá teorainn leis an bhunús dlí a bheadh ag scoil le hidirghabháil i gcásanna cibearbhulaíochta agus is taobh amuigh de scóip na n-athruithe molta atá sé an réimse casta dlí seo a réiteach.

80. Is tábhachtach go dtuigeann scoileanna an seasamh reatha dlí maidir leis an chibearbhulaíocht agus go dtig leo comhairle shoiléir a thabhairt do thuismitheoirí faoi na teorainneacha sin nach dtig leo gníomhú taobh amuigh díobh. Áireofar comhairle agus soiléiriú ar an tsaincheist seo sa treoir reachtaíochta a eiseoidh an Roinn chuig gach scoil.

## Bhur gCuid Tuairimí

81. D'fháilteodh an Roinn roimh do bharúlacha de na moltaí seo. Is féidir é seo a dhéanamh trí na ceisteanna atá leagtha amach sa Leabhrán Comhairliúcháin a chomhlánú. Is féidir an ceistneoir a chomhlánú ar líne ach, más caoithiúla, is féidir é a chur ar ais mar chóip chrua chuig an seoladh thíos.

82. Tá an doiciméad seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag: *http://www.deni.gov.uk/index/about-the-department/public-consultations.htm* agus beidh sé faoi réir comhairliúchán poiblí go dtí **27 Feabhra 2015**.

83. Tá suim ar leith ag an Roinn i ndearcthaí a chluinstin ar aon ghné den doiciméad seo. Trí dhul i gcomhairle le páirtithe leasmhara, ba bhreá leis an Roinn barúlacha a chluinstin ar na moltaí atá ann seo.

84. Más mian leat barúil a léiriú ar aon cheann de na ceisteanna sa doiciméad seo, chuirfimis fáilte roimh fhreagairtí de r-phost chuig:

**Rphost**: *pbmt.addressingbullyinginschools@deni.gov.uk*

De rogha air sin, más mian leat do chuid tuairimí a chur sa phost, is é seo an seoladh:

**An Roinn Oideachais**
**Foireann Bhainistíochta Iompar Daltaí**
**Seomra F17**
**Teach Ráth Giall**
**Ráth Giall**
**Bóthar Bhaile Aodha**
**BEANNCHAR**
**BT19 7PR**

85. D'fhonn an inbhuanaitheacht timpeallachta a chur chun cinn, ní bhfaighidh freagróirí litir admhála. Cuirfear liosta freagróirí ar shuíomh gréasáin na Roinne chomh maith le cóipeanna de fhreagairtí (iomlán nó cuid díobh). Mura mian leat do fhreagairt ná d'ainm a bheith foilsithe ar an suíomh gréasáin, léirigh é seo sa fhreagairt a chuirfidh tú chugainn.

86. Iarrtar ar gach páirtí leasmhar a gcuid freagairtí a chur isteach a luaithe agus is féidir roimh dháta druidte an chomhairliúcháin ar an **27 Feabhra 2015**. Mura bhfuil an doiciméad seo i bhformáid a fhóireann do do chuid riachtanas, cuir in iúl dúinn.

## Ceisteanna Alt 75

87. Cuireann Alt 75 d'Acht Thuaisceart Éireann d'iallach ar gach údarás poiblí, agus iad i mbun a gcuid feidhmeanna faoi mar a bhaineann siad le tuaisceart na hÉireann, an aird chuí a thabhairt ar an ghá atá le comhionannas deiseanna a chur chun cinn idir:

- Daoine a bhfuil creideamh reiligiúin, dearcadh polaitiúil, grúpa cine, stádas pósta nó claonadh gnéasachta difriúil acu;
- fir agus mná go ginearálta;
- daoine a bhfuil míchumas acu agus daoine nach bhfuil; agus
- daoine a bhfuil cleithiúnaithe ach agus daoine nach bhfuil

88. Lena chois sin, gan dochar don oibleagáid thuas, caithfidh údaráis phoiblí fosta, agus iad i mbun a gcuid feidhmeanna faoi mar a bhaineann siad le tuaisceart na hÉireann, an aird chuí a thabhairt ar a inmhianaithe atá sé an dea-chaidreamh a chur chun cinn idir daoine a bhfuil creideamh reiligiúin, dearcadh polaitiúil nó grúpa cine difriúil acu.

89. Breithníodh na moltaí sa chomhairliúchán seo i gcomhthéacs Alt 75(1) agus Alt 75 (2) d'Acht Thuaisceart Éireann agus tá siad scagthástáilte 'AMUIGH' dá réir. Is féidir teacht ar chóip den doiciméad scagthástála MTC ag *http://www.deni.gov.uk/index/about-the-department/equality-and-human-rights/85-about-the-department-equality-policies-being-screened-pg.htm*. Déanfaidh RO monatóireacht ar thionchar na n-athruithe molta seo ar bhonn leanúnach.

## Amscála

90. Beidh an comhairliúchán seo ar siúl idir 05 Eanáir 2015 agus 27 Feabhra 2015.

## Iarscríbhinn A

# Ball-Eagraíochtaí FFTÉ

*Action for Children*

Barnardo's Thuaisceart Éireann

Bord Oideachais agus Leabharlann Bhéal Feirste

BELONG

*Gay and Lesbian Youth NI*

Caidreamh Poiblí i Scoileanna

An Roinn Oideachais

Luath-Bhlianta

*Fostering Network*

Bord Oideachais agus Leabharlann an Deiscirt

*Mencap*

NASUWT

Biúró Náisiúnta Páistí

Cumann Náisiúnta na bPáistí Bodhra

Bord Oideachais agus Leabharlann an Oir-Thuaiscirt

Comhairle TÉ na Mionlach Eitneach

TÉ an Oideachais Imeasctha

NSPCC

*Parenting NI*

Tionscadal Rainbow

*Save the Children*

Bord Oideachais agus Leabharlann an Oir-Dheiscirt

UCET / Coláiste Ollscoile an tSrutháin Mhilis

Bord Oideachais agus Leabharlann an Iarthair

Is breathnóir de chuid FFTÉ é Coimisinéir do Pháistí agus Daoine Óga TÉ (NICCY)

**Iarscríbhinn B**

## Achoimre ar Thorthaí agus Moltaí Athbhreithniú FFTÉ

- Ar chuid mhór dóigheanna ní théann an reachtaíocht reatha fada go leor agus is é an toradh air sin go mbíonn an cleachtas reatha i scoileanna neamhréireach i dtéarmaí ábhar polasaithe frithbhulaíochta agus bearta a dhéantar le dul i ngleic le bulaíocht agus í a chosc;
- Bhí sainmhíniú comhaontaithe ar an bhulaíocht de dhíth agus d'fháiltigh scoileanna agus brúghrúpaí éagsúla roimhe;
- Ba chóir go gcuirfí d'iallach ar scoileanna gearáin faoi bhulaíocht a thaifeadadh go lárnach agus an spreagthach, modh agus toradh san áireamh;
- Ba chóir don Roinn treoir athbhreithnithe, uasdátaithe a chur ar fáil do scoileanna lena n-áirítear teimpléid, seicliostaí agus eiseamláirí den dea-chleachtas;
- Ba chóir don Roinn tacú le foilseachán FFTÉ  Effective Responses to Bullying Behaviour agus a chur chun cinn;
- Obair frithbhulaíochta a athbhreithniú agus a luacháil, go hinmheánach ag baill foirne agus go seachtrach ag an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (ETI);
- Cur chuige comhsheasmhach, comhordaithe le polasaithe frithbhulaíochta a fhorbairt agus a athbhreithniú; agus
- Oideachas múinteoirí níos comhsheasmhaí, níos cuimsithí agus éigeantach ag gach soláthraí ar fud thuaisceart na hÉireann;

## Iarscríbhinn C

# Freagairtí Frithbhulaíochta i nDlínsí Eile

**Deisceart na hÉireann** - Is é Alt 23(3) den Acht Oideachais (Leas) 2000 a thugann an bunús dlí do gach scoil i ndeisceart na hÉireann polasaí frithbhulaíochta a bheith acu laistigh de chreat chód iompair na scoile. Níl ceanglas sainiúil ar scoileanna an bhulaíocht a chuimsiú i bpolasaí iompair na scoile.

Ar 24 Eanáir 2013, d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna (**ROS**) Plean Gníomhaíochta ar an Bhulaíocht (***Report of the Anti-Bullying Working Group to the Minister for Education and Skills*/Tuarascáil na Meithle Frithbhulaíochta don Aire Oideachais agus Scileanna**). Thacaigh an tAire ROS, Ruairi Quinn T.D leis an tuarascáil agus mhol sé maoirseacht a dhéanamh ar bhearta sa Phlean Gníomhaíochta lena chinntiú go gcuirfí i bhfeidhm go hiomlán iad.

De réir an Phlean Gníomhaíochta, ba chóir do gach scoil;

- na bunúis uilig atá le ciapadh faoi dhlí comhionannais a shainiú ina bpolasaithe frithbhulaíochta;
- taifeadadh comhsheasmhach na bulaíochta tuairiscithe a chinntiú;
- dul i ngleic le teanga leatromach, mhaslach, teanga homafóbach agus ciníoch san áireamh, nó teanga a dhíspeagann páistí a bhfuil míchumas acu;
- dea-iompraíocht a chur chun cinn agus a luach a thabhairt di;
- tuismitheoirí a dhéanamh páirteach i bhfeachtais feasachta a bhaineann leis na meáin shóisialta;
- a chinntiú go mbíonn go leor maoirseachta i gclóis scoile;
- cuidiú a fháil ó dhaltaí maidir le cá huair agus cá háit is mó a dtarlaíonn an bhulaíocht.

**Sasana agus an Bhreatain Bheag** - Forálann Alt 89 den Acht Oideachais agus Cigireachtaí 2006 go gcaithfidh scoileanna faoi chothabháil

bearta a bheith acu leis an dea-iompar a chur chun cinn agus cosc a chur ar gach cineál bulaíochta i measc daltaí. Is cuid de pholasaí iompair na scoile na bearta seo agus caithfear iad a chur in iúl do gach dalta, ball foirne agus tuismitheoir. Is gá do scoileanna faoi chothabháil fosta an Dualgas Comhionannais a chomhlíonadh mar a cruthaíodh faoin Acht comhionannais 2010.

**Albain** - Níl dlí sainiúil ar bith in Albain a chuireann d'iallach ar scoileanna polasaí sainiúil frithbhulaíochta a bheith acu, molann Rialtas na hAlban gur chóir gurbh amhlaidh trí thacú le doiciméid ar nós 'Action Against Bullying'. Aithnítear in Alt 1 den Acht Caighdeáin i Scoileanna na hAlban srl. 2000 an ceart atá ag gach páiste ar oideachas, déantar tagairt dhíreach don UNCRC agus , mar sin de, formhuinítear an ceart ar oideachas saor ó chiapadh, imeagla nó ionsaí.

**Ceanada** –Thionscain rialtas cúige Quebec reachtaíocht a fhorálann dlíthe frithbhulaíochta agus tháinig dlí Quebec i bhfeidhm in 2004. Fuair an Accepting Schools Act 2012 Aontú na Banríona ar 19 Meitheamh 2012 agus forálann sé dlíthe frithbhulaíochta do chúige Ontario agus leasaítear ann sainmhíniú na bulaíochta mar a fhoráiltear in Education Act 1990. Eisítear polasaithe agus treoirlínte a bhaineann le hoiliúint do mhúinteoirí agus do bhaill foirne, ag tacú le gach dalta lena mbaineann agus freagairtí smachta don bhulaíocht. Cuirtear tuairiscí bliantúla ar fhionraíochtaí agus díbirtí faoi bhráid an Aire Oideachais agus Oiliúna.

**Stáit Aontaithe Mheiriceá** - Ó 1999, tá reachtaíocht frithbhulaíochta a bhaineann le scoileanna rite ag 49 as 50 stát in SAM. Tá d'iallach ar scoileanna polasaí a fhorbairt agus a fheidhmiú le cosc a chur ar an bhulaíocht agus sainmhíniú ar an bhulaíocht a chuimsiú atá ag cur leis na sainmhínithe i ndlí an stáit agus gnáthamh le haon tuairisc ar theagmhas bulaíochta a fhiosrú agus freagairt di, taifead scríofa a choinneáil ar gach teagmhas bulaíochta agus mar a réitíodh iad agus sonraí den sórt seo a chur ar fáil don phobal ach a chinntiú go gcosnaítear príobháideacht na ndaltaí a bhíonn i gceist.

**Na hOileáin Fhilipíneacha** -. Rinneadh dlí den Acht Frithbhulaíochta 2013 ar an 6 Meán Fómhair 2013 agus cuirtear d'iallach ar gach bunscoil agus meánscoil sa tír polasaí frithbhulaíochta a ghlacadh, áit ar fhulaing 50% de pháistí scoile bulaíocht ag a múinteoirí nó a bpiaraí in 2008. Sainmhínítear an bhulaíocht san Acht agus lena chois sin, tá ceanglas tuairiscithe gach teagmhas a bhaineann le bulaíocht scoile a thuairisciú lena maoirseoirí cuí rannóg scoile.

## Iarscríbhinn D

## Catagóirí Alt 75

1. **Reiligiún**
2. **Dearcadh Polaitiúil**
3. **Grúpa Cine**
4. **Stádas Pósta**
5. **Gnéaschlaonadh**
6. **Inscne**
7. **Míchumas**
8. **Daoine a bhFuil/Nach bhFuil Cleithiúnaithe acu**
9. **Aois**

# Dul i nGleic leis an Bhulaíocht i Scoileanna

## DOICIMÉAD COMHAIRLIÚCHÁIN

An Roinn Oideachais
Foireann Bhainistíochta Iompar Daltaí
Seomra F17, Teach Ráth Giall,
Ráth Giall, Bóthar Bhaile Aodha,
BEANNCHAR BT19 7PR

INVESTORS IN PEOPLE